Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2019**
**(OR. en)**

**7737/19**

**CYBER 101**
**COPEN 118**
**COPS 92**
**COSI 52**
**DATAPROTECT 98**
**IND 102**
**JAI 313**
**JAIEX 44**
**POLMIL 31**
**RELEX 287**
**TELECOM 141**
**DAPIX 109**
**CATS 43**
**CSC 111**
**CSCI 47**
**IA 106**
**EJUSTICE 44**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Márta 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6866/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le fothú acmhainneachta agus forbairt cumas i ndáil leis an gcibearshlándáil san Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le fothú acmhainneachta agus forbairt cumas i ndáil leis an gcibearshlándáil san Aontas Eorpach a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta ar an 19 Márta 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le fothú acmhainneachta agus forbairt cumas i ndáil leis an gcibearshlándáil san Aontas Eorpach**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

1. Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir leis an teachtaireacht chomhpháirteach dar teideal *Resilience, Deterrence and Defence: Building strong cybersecurity for the EU*[1] [Athléimneacht, Díspreagadh agus Cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas];

2. Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir le Freagairt Chomhordaithe ón Aontas ar Theagmhais agus Géarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála[2];

3. Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir le fothú cibear-acmhainneachta seachtraí[3];

4. Á ATHDHEARBHÚ DI gur féidir ardleibhéal slándála do líonraí agus do chórais faisnéise a sholáthar trí fheabhas a chur ar acmhainneacht agus cumas cibearshlándála na mBallstát agus institiúidí, ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais, agus trína gcibear-athléimneacht a neartú dá éis;

5. IS MÓR AICI an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i ndáil le Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRTanna) a neartú;

6. AGUS bunú Líonra CSIRTanna ag na Ballstáit le tacaíocht ghníomhach ón gCoimisiún agus ó ENISA Á MHOLADH AICI chomh maith leis an gcomhar neartaithe ar an leibhéal straitéiseach trí ghrúpa comhair NIS, ina bhfuil na Ballstáit, an Coimisiún agus ENISA;

---

[1] 14435/17 (Conclúidí ón gComhairle maidir leis an teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: *Resilience, Deterrence and Defence: Building strong cybersecurity for the EU* an 20 Samhain 2017)

[2] 10086/18 (Conclúidí ón gComhairle maidir le Freagairt Chomhordaithe ón Aontas ar Theagmhais agus Géarchéimeanna Cibearshlándála Mórscála an 26 Meitheamh 2018)

[3] 10496/18 (Conclúidí ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais d'fhothú cibear-acmhainneachta seachtraí an 26 Meitheamh 2018)

7. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar ról lárnach ghrúpa comhair NIS an treoraíocht is gá a thabhairt chun an cur chuige i dtaca le trasuíomh Threoir NIS[4] a ailíniú, a oiread agus is féidir, ar fud an Aontais mar aon le dul i ngleic leis na saincheisteanna ábhartha cibearshlándála;

8. AGUS an tacaíocht atá á tabhairt ag an gCoimisiún do na Ballstáit le haghaidh fothú acmhainneachta CSIRTanna tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa Á hAITHINT AICI;

9. AGUS an tacaíocht atá á tabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí le haghaidh fothú acmhainneachta don chibearchoireacht a chomhrac tríd an gCiste Slándála Inmheánaí agus trí CEPOL Á hAITHINT AICI;

10. IS MÓR AICI an nuashonrú atá déanta ar Chreat Beartais Cibearchosanta AE chun tacú a thuilleadh le forbairt cumas cibearchosanta na mBallstát;

11. AGUS an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i dtaca le Treoir NIS a chur chun feidhme Á MHOLADH AICI;

12. Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur réimse casta, idirspleách, síor-athraitheach í cibearshlándáil lena n-éilítear go ndéanfar an creat polaitiúil agus dlíthiúil a oiriúnú do threochtaí nua teicneolaíocha agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail intleacht shaorga, teicneolaíocht an bhlocshlabhra agus ríomhaireacht chandamach;

---

[4] Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016).

13. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá oiliúint agus cláir oideachais um chibearshlándáil, chomh maith le faisnéis agus múscailt feasachta i leith na mbagairtí slándála atá ar úsáideoirí deiridh, chun rioscaí cibearshlándála a laghdú;

14. Á CHUR I dTREIS AICI gur uirlisí éifeachtacha iad gníomhaíochtaí cibearshlándála chun measúnú a dhéanamh agus feabhas a chur ar leibhéal ullmhachta an Aontais gona Bhallstáit maidir le teagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála a chomhrac;

15. Á ATHDHEARBHÚ DI nach bhfuil teorainneacha ag an gcibearspás, rud a fhágann gur prionsabal buanseasmhach de ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh fothaithe cibear-acmhainneachta iad peirspictíochtaí agus comhar trasteorann agus trasearnála;

16. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá comhar idir an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach agus an lucht acadúil, go háirithe trí thionscadail chomhoibríocha;

17. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá comhar míleata-sibhialta, ag obair ar mhaithe le cuspóirí comhchoiteanna sa chibir-réimse chun freagairt chomhsheasmhach éifeachtach ar chibearbhagairtí a áirithiú;

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn atá déanta ag grúpa Ballstát maidir le Foirne Mearfhreagartha Cibirtheagmhas a cheapadh chun dlús a chur leis an gcomhar deonach sa chibir-réimse trí chúnamh frithpháirteach;

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI an plé atá ar siúl faoi láthair sa Chomhairle faoin Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Comhordúcháin Náisiúnta;

20. MOLANN SÍ rannpháirtíocht ghníomhach in obair leanúnach ghrúpa comhair NIS, go háirithe i dtaca le fothú cibear-acmhainneachta;

21. MOLANN SÍ obair leanúnach ghrúpa comhair NIS ar fhreagairt chomhordaithe ón Aontas ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála mórscála;

22. IARRANN SÍ ar na Ballstáit cur lena gcuid straitéisí cibearshlándála náisiúnta agus cibearshlándáil a phríomhshruthú, agus aird á tabhairt ar riachtanais earnáil-sonracha;

23. IARRANN SÍ ar na Ballstáit faireachán, meastóireacht/measúnú leanúnach a dhéanamh ar thionchar na mbeart a glacadh chun cibear-athléimneacht a neartú agus cibearchumais agus cibear-acmhainneachtaí a mhéadú ar an leibhéal náisiúnta;

24. IARRANN SÍ ar na Ballstáit cibearshlándáil agus litearthacht dhigiteach a phríomhshruthú i gcuraclaim ar gach leibhéal oideachais (bunoideachas, meánoideachas, oideachas treasach, foghlaim ar feadh an tsaoil) agus é bunaithe, i gcás inarb ábhartha, ar phróifílí poist atá seanbhunaithe agus próifílí poist a bheidh ann amach anseo;

25. IARRANN SÍ ar na Ballstáit tionscnaimh feasachta cibearshlándála agus chibearshláinteachais don phobal agus d'úsáideoirí deiridh a chur i bhfeidhm, agus iad a bheith dírithe ar fhostaithe na hearnála poiblí;

26. MOLANN SÍ do na Ballstáit gníomhaíochtaí cibearshlándála a reáchtáil ar an leibhéal náisiúnta mar aon le gníomhaíochtaí cibearshlándála ar leibhéal an Aontais a reáchtáil agus/nó páirt a ghlacadh iontu chun tástáil a dhéanamh ar ghnéithe straitéiseacha agus teicneolaíochta agus oiliúint a fháil ina leith, chomh maith leis na scileanna riachtanacha a fhorbairt go héifeachtúil agus ar leibhéal praiticiúil;

27. IARRANN SÍ ar na Ballstáit cumais theicniúla agus oibríochtúla cibearshlándála a gcuid CSIRTanna a fhorbairt a thuilleadh maidir le teagmhais a chosc, maolú agus freagairt ar theagmhais;

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar ENISA leanúint den tacaíocht atá á tabhairt acu d'acmhainneacht agus cumas Líonra CSIRTanna ag na Ballstáit chun comhoibriú níos fearr, faisnéis a chomhroinnt faoi theagmhais agus freagairt ar bhealach éifeachtach ar theagmhais mhórscála trasteorann;

29. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint de chuidiú a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí inniúlachtaí sonracha a fhorbairt i gcomhordú leis na húdaráis inniúla Eorpacha d'fhonn an chibearchoireacht a chomhrac ar bhealach éifeachtúil ar leibhéal an Aontais;

30. IARRANN SÍ ar na Ballstáit tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i bhfothú cibear-acmhainneachta;

31. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar ENISA cláir feasachta cibearshlándála agus oiliúint a chur i bhfeidhm agus iad a bheith dírithe ar fhostaithe institiúidí, ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais;

32. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit faisnéis agus dea-chleachtais a chomhroinnt ar bhonn deonach d'fhonn cuidiú le sainaithint agus aghaidh a thabhairt ar na príomhriachtanais fothaithe cibear-acmhainneachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;

33. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit tacú le taighde cibearshlándála agus cibearshlándáil a chur chun cinn mar shaincheist i réimsí eile staidéir, agus brainsí éagsúla taighde agus forbartha um chibearshlándáil á dtabhairt le chéile ina n-aonad comhtháite, agus barr feabhais i dtaighde cibearshlándála a chothú;

34. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit taighde cibearshlándála a fhorbairt ina léireofaí riachtanais shochaíocha agus IARRANN SÍ orthu torthaí an taighde sin a chomhtháthú sa mhargadh;

35. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit cibearshlándáil a thabhairt san áireamh i nglaonna ar sholáthar TFC, de réir mar is iomchuí.